Tréimhse ama don Chéim Foráis



Tá síneadh dhá bhliain go dtí 2021 curtha leis an tréimhse don chéim foráis, chun deis a thabhairt do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna araon dul chun cinn a dhéanamh de réir a chéile ar *Droichead*. Leis sin is *Droichead* an modh ionduchtúcháin a bheidh ag gach Múinteoir Nua-cháilithe (MNC) faoin mbliain 2020/2021.

Tá an sceideal do thréimhse foráis *Droichead* ón scoilbhliain reatha go dtí an bhliain 2021 leagtha amach thíos:

SCEIDEAL NA MBUNSCOILEANNA	DON TRÉIMHSE FORÁIS	
2016/2017	*Droichead* an modh ionduchtúcháin do Mhúinteoirí Nua-cháilithe (MNC) i dtimpeallacht Riachtanas Speisialta Oideachais (ROS)	Beidh scoileanna i ngach catagóir in ann roghnú páirt a ghlacadh i *Droichead* in aon cheann de na blianta sin, más mian leo sin a dhéanamh roimh na dátaí atá leagtha amach thall.
2017/2018	*Droichead* an modh ionduchtúcháin do Mhúinteoirí Nua-cháilithe (MNC) i dtimpeallacht Riachtanas Oideachais Speisialta (ROS) nó i mbunscoileanna móra a bhfuil príomhoide móide 24 ghnáthmhúinteoir nó níos mó	
2018/2019	*Droichead* an modh ionduchtúcháin do Mhúinteoirí Nua-cháilithe (MNC) i dtimpeallacht Riachtanas Oideachais Speisialta (ROS) agus i mbunscoileanna móra ina bhfuil 16 ghnáthmhúinteoir nó níos mó	
2019/2020	*Droichead* an modh ionduchtúcháin do Mhúinteoirí Nua-cháilithe (MNC) i dtimpeallacht Riachtanas Oideachais Speisialta (ROS) agus i ngach bunscoil ina bhfuil príomhoide riaracháin	
2020/2021	*Droichead* an modh ionduchtúcháin do gach Múinteoir Nua-cháilithe (MNC) bunscoile	

SCEIDEAL NA nIAR-BHUNSCOILEANNA	DON TRÉIMHSE FORÁIS	
2016/2017	*Droichead* an modh ionduchtúcháin do Mhúinteoirí Nua-cháilithe (MNC) i dtimpeallacht Riachtanas Speisialta Oideachais (ROS)	Beidh scoileanna i ngach catagóir in ann roghnú páirt a ghlacadh i *Droichead* in aon cheann de na blianta sin, más mian leo sin a dhéanamh roimh na dátaí atá leagtha amach thall.
2017/2018	*Droichead* an modh ionduchtúcháin do Mhúinteoirí Nua-cháilithe (MNC) i dtimpeallacht Riachtanas Oideachais Speisialta (ROS) nó in iar-bhunscoileanna móra ina bhfuil 700 dalta nó níos mó	
2018/2019	*Droichead* an modh ionduchtúcháin do Mhúinteoirí Nua-cháilithe (MNC) i dtimpeallacht Riachtanas Oideachais Speisialta (ROS) agus in iar-bhunscoileanna móra ina bhfuil 400 dalta nó níos mó	
2019/2020	*Droichead* an modh ionduchtúcháin do Mhúinteoirí Nua-cháilithe (MNC) i dtimpeallacht Riachtanas Oideachais Speisialta (ROS) agus in iar-bhunscoileanna móra ina bhfuil 200 dalta nó níos mó	
2020/2021	*Droichead* an modh ionduchtúcháin do gach Múinteoir Nua-cháilithe (MNC) iar-bhunscoile	

Ní féidir ach le scoileanna rannpháirteacha a bhfuil oiliúint curtha orthu i ndáil le próiseas *Droichead* tabhairt faoi phróiseas *Droichead*. Chun an t-eolas ar fad a fháil ar *Droichead*, féach ar '*Droichead*: An Creat Slánchóirithe maidir le hIonduchtúchán Gairme 2017' a bhfuil fáil air ar www.teachingcouncil.ie

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Coinníollacha maidir le Cleachtas Gairmiúil Iarcháilíochta Treoir Ghairid

Bíonn feidhm leis na coinníollacha maidir le cleachtas gairmiúil iarcháilíochta maidir le Múinteoirí Nua-cháilithe Bunscoile agus Iar-bhunscoile de ghnáth nuair a chláraíonn siad leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar na coinníollacha sin sna *Nósanna Imeachta agus Critéir um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta* atá ar www.teachingcouncil.ie.

BUNSCOILEANNA

DROICHEAD: **An Creat Slánchóirithe maidir le hIonduchtúchán Gairme**	Ó	**PRÓISIS THRAIDISIÚNTA**	
		PROMHADH	**CEARDLANNA IONDUCHTÚCHÁIN**
60 lá i ndiaidh a chéile ar a laghad		100 lá i ndiaidh a chéile ar a laghad (2 x 50 nó 1 x 100)	20 uair an chloig freastail – roghanna solúbtha
1) Déan iarratas chuig an gComhairle trí logáil isteach ar 'Mo Chlárú' ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta		1) Iarratas a dhéanamh chuig Ionad Oideachais Luimnigh (IOL) ag úsáid Foirm OP1	1) Déan iarratas chuig d'Ionad Oideachais áitiúil
2) Páirteach i bpróiseas *Droichead*: **Sraith A:** Ionduchtúchán Scoilbhunaithe - Le tacaíocht na Foirne Tacaíochta Gairmiúla **AGUS** **Sraith B:** Bearta Foghlama Gairmiúla Breise - Freastal ar Chruinniú Grúpa MNC amháin in aghaidh an téarma - Tabhairt faoi Bheart Foghlama Gairmiúil amháin eile roghnaithe i gcomhairle leis an FTG		2) Ráiteas inniúlachta ó IOL a fháil i ndiaidh toradh sásúil a fháil ón gCigireacht.	2) 10 gceardlann a chur i gcrích
3) Críochnaigh trí Fhoirm D a chur ar aghaidh		3) Críochnaigh trí Fhoirm C & ráiteas IOL a chur ar aghaidh	3) Críochnaigh – níl aon bheart de dhíth, rachaidh fógra go huathoibríoch chuig an gComhairle

IAR-BHUNSCOILEANNA

DROICHEAD: **An Creat Slánchóirithe maidir le hIonduchtúchán Gairme**	Ó	**PRÓISIS THRAIDISIÚNTA**	
		FOSTAÍOCHT IARCHÁILÍOCHTA	**CEARDLANNA IONDUCHTÚCHÁIN**
Conradh 200 uair an chloig ar a laghad in Iar-bhunscoil amháin		300 uair an chloig ar a laghad ag múineadh in iar-bhunscoil amháin nó níos mó	20 uair an chloig freastail - roghanna solúbtha
1) Déan iarratas chuig an gComhairle trí logáil isteach ar 'Mo Chlárú' ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta		1) Ní gá iarratas a dhéanamh	1) Déan iarratas chuig d'Ionad Oideachais áitiúil
2) Bí páirteach i bpróiseas *Droichead*: **Sraith A:** Ionduchtúchán Scoilbhunaithe - Le tacaíocht na Foirne Tacaíochta Gairmiúla **AGUS** **Sraith B:** Bearta Foghlama Gairmiúla Breise - Freastal ar Chruinniú Grúpa MNC amháin in aghaidh an téarma - Tabhair faoi Bheart Foghlama Gairmiúil amháin eile roghnaithe i gcomhairle leis an FTG		2) Comhlánaigh 300 uair an chloig múinteoireachta: - 200 uair an chloig ar a laghad ag múineadh ábhar curaclaim iar-bhunscoile - Suas le 100 uair an chloig i SET nó i ngníomhaíocht múinteoireachta eile ar an gclár ama	2) 10 gceardlann a chur i gcrích
3) Críochnaigh trí Fhoirm D a chur ar aghaidh		3) Críochnaigh trí Fhoirm B(s) a chur isteach	3) Críochnaigh – níl aon ghníomhaíocht de dhíth, rachaidh fógra go huathoibríoch chuig an gComhairle